Jerusalema

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi rince atá ag tarraingt go leor cainte ar fud an domhain. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat sula bhféachfaidh sibh ar an mír:

1. Cad atá ar eolas agat faoin amhrán agus faoin damhsa *Jerusalema*?
2. D'eisigh foireann Gharda Cósta an Daingin físeán díobh féin ag rince, ach ní raibh bainistíocht na heagraíochta sin sásta faoin bhfíseán. Cén fáth, dar libh?



Ceist 2 Gan féachaint ar an mír fós, aimsígí leagan Gaeilge na bhfocal seo a bheidh le cloisteáil inti.

1. nursing homes _____
2. some of the groups _____
3. the rescue team _____
4. lovely, delightful _____
5. wonderful dance _____
6. their own twist _____
7. depressed, demoralised _____
8. a few rounds _____
9. stiff _____
10. pain _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a aimsiú.

Ceist 3 Éist leis an mír arís, agus ansin pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.

Ceist 4 '…a thabharfaidh…' agus '…déarfainn…'

1. Cén aimsir atá i gceist leis sna samplaí thuas?

2. Líon isteach na bearnaí sa tábla thíos. Is iad na briathra mírialta atá i gceist, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach.

	An Aimsir Fháistineach	**An Modh Coinníollach**
Abair	An ndéarfaidh tú…?	
Beir		An mbéarfá…?
Bí	An mbeidh sé…?	
Clois		An gcloisfeadh sí…?
Déan	An ndéanfaidh siad…?	
Faigh		An bhfaigheadh sí…?
Feic	An bhfeicfidh siad…?	
Ith		An íosfaidís…?
Tabhair	An dtabharfaidh tú…?	
Tar		An dtiocfadh sé…?
Téigh	An rachaidh sí…?	

3. Scríobh amach na freagraí dearfacha agus diúltacha anois ar na ceisteanna thuas.

4. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá acu don deireadh seachtaine amach romhainn.

Ceist 5 '…theastaigh uainn…' **ACH** '…theastaigh <u>uainne</u>…'

Is í an fhoirm threise atá i gceist den fhorainm réamhfhoclach 'uainn'. Cad faoi na cinn seo thíos?

uaim, uait, uaidh, uaithi, uainn, uaibh, uathu

Agus cad í an fhoirm threise de na forainmneacha iad féin?

mé, tú, é/sé, í/sí, muid, sibh, siad

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad a cheapann tú den fhíseán? Cén fáth?
2. An dtuigeann tú cén fáth nach raibh gach duine sásta gur rinneadh an físeán? Mínigh.
3. Cad a dhéanann tú féin leis an am a chur thart ó thosaigh an dhianghlasáil?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Cleachtadh cainte é seo.

Ceist 2

1. nursing homes	*tithe altranais*
2. some of the groups	*cuid de na dreamanna*
3. the rescue team	*an fhoireann tarrthála*
4. lovely, delightful	*gleoite*
5. wonderful dance	*rince seoigh*
6. their own twist	*a gcasadh féin*
7. depressed, demoralised	*in ísle brí*
8. a few rounds	*cúpla babhta*
9. stiff	*righin*
10. pain	*tinneas*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

	An Aimsir Fháistineach	**An Modh Coinníollach**
Abair	An ndéarfaidh tú…? Déarfaidh. / Ní déarfaidh.	An ndéarfá…? Déarfainn. / Ní déarfainn. nó Déarfadh. / Ní déarfadh.*
Beir	An mbéarfaidh tú…? Béarfaidh. / Ní bhéarfaidh.	An mbéarfá…? Bhéarfainn. / Ní bhéarfainn. nó Bhéarfadh. / Ní bhéarfadh.
Bí	An mbeidh sé…? Beidh. / Ní bheidh.	An mbeadh sé…? Bheadh. / Ní bheadh.
Clois	An gcloisfidh sí…? Cloisfidh. / Ní chloisfidh.	An gcloisfeadh sí…? Chloisfeadh. / Ní chloisfeadh.
Déan	An ndéanfaidh siad…? Déanfaidh. / Ní dhéanfaidh.	An ndéanfaidís…? Dhéanfadh. / Ní dhéanfadh.
Faigh	An bhfaighidh sí…? Gheobhaidh. / Ní bhfaighidh.	An bhfaigheadh sí…? Gheobhadh. / Ní bhfaigheadh.
Feic	An bhfeicfidh siad…? Feicfidh. / Ní fheicfidh.	An bhfeicfidís…? D'fheicfeadh. / Ní fheicfeadh.
Ith	An íosfaidh siad…? Íosfaidh. / Ní íosfaidh.	An íosfaidís…? D'íosfadh. / Ní íosfadh.
Tabhair	An dtabharfaidh tú…? Tabharfaidh. / Ní thabharfaidh.	An dtabharfá…? Thabharfainn. / Ní thabharfainn. nó Thabharfadh. / Ní thabharfadh.
Tar	An dtiocfaidh sé…? Tiocfaidh. / Ní thiocfaidh.	An dtiocfadh sé…? Thiocfadh. / Ní thiocfadh.
Téigh	An rachaidh sí…? Rachaidh. / Ní rachaidh.	An rachadh sí? Rachadh. / Ní rachadh.

* Seachas sa chéad phearsa uatha, níor cheart forainm (**sé**, **sí**, etc.) a úsáid agus freagra dearfach nó diúltach á thabhairt ar cheist sa mhodh coinníollach. Tá rogha ann sa chéad phearsa uatha an fhoirm tháite a úsáid (e.g. Déarfainn.) nó an briathar lom (e.g. Déarfadh.) An chéad rogha sin an ceann is coitianta, ach tá an dara rogha ceart freisin.

Ceist 5
uaimse, uaitse, uaidhsean, uaithise, uainne, uaibhse, uathusan
mise, tusa, eisean/seisean, ise/sise, muidne, sibhse, siadsan

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Anois, Gardaí, foirne i dtithe altranais agus in ospidéil, cuid de na dreamanna a thug faoin *Jerusalema* le deireanaí. Agus inniu tá a bhfíseán féin den rince cáiliúil seolta ar líne ag Garda Cósta an Daingin, ina bhfuil an fhoireann tarrthála i mbun steipeála agus radharcanna[1] gleoite de Chorca Dhuibhne ar a gcúl.

Seán Mac an tSíthigh
Tharraing an Garda Síochána chucu féin é anseo in Éirinn, an rince seoigh seo atá ag taisteal na cruinne. Agus anois, tá a gcasadh féin curtha ag Garda Cósta an Daingin ar an *Jerusalema*.

Carol Uí Laoithe, Garda Cósta an Daingin
Leis an víreas corónach, theastaigh uainn rud éigin a dhéanamh. Tá an-chuid ísle brí ann agus daoine nach mbraitheann go maith, agus ní chíonn[2] aon duine daoine ó lá go lá. Theastaigh uainne rud éigin a dhéanamh a thabharfaidh é seo chun cinn.

Meghan Ní Laoithe, Stiúrthóir Rince
Mar rince é féin, tá sé éasca go leor. Caithfidh tú an comhaireamh a leanúint agus caithfidh tú cuimhneamh ar cén chos atá chun dul ar dtús agus ansin an athraíonn an chos nó an bhfanann sé mar an gcéanna? Is dócha, sin é an fhadhb is mó a bhí acu ar dtús ach nuair a bhí cúpla babhta déanta acu, bhíodar an-mhaith ar fad.

Seán Mac an tSíthigh
Tugann sé an fhoireann le chéile.

John O'Connor, Garda Cósta an Daingin
Déarfainn é, déarfainn. Craic ar fad a bhí ann agus bhí gach duine ag gáire is dócha agus *we'll say*, na *steps*, bhíodar *we'll say*, ag magadh fúm agus gach aon rud.

Seán Mac an tSíthigh
An raibh jab agaibh á dhéanamh. An raibh sé an-deacair?

Michael Brosnan, Garda Cósta an Daingin
Jab? Dúirt siad nach dtógfadh sé ach leathuair an chloig. Bhíomar ansin ar feadh an lae, ón leathuair tar éis a haon déag maidin inné go dtí a cúig a chlog tráthnóna inné. An dá chos a bhí righin agam aréir nuair a chuas abhaile.

Seán Mac an tSíthigh
Bhí tinneas ort, an raibh?

Michael Brosnan, Garda Cósta an Daingin
Tinneas? Tá sé ann fós.

Seán Mac an tSíthigh
Trí rud nach féidir a mhúineadh, a deirtear, guth, féile agus an *Jerusalema* is cosúil. Mo ghraidhin an té a deir, gur aoibhinn beatha an iriseora.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4 sa Daingean.

[1] *radhairc* an leagan caighdeánach
[2] *ní fheiceann* an leagan caighdeánach